



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/549 ÓN gCOIMISIÚN
an 13 Márta 2026

maidir le hathnuachan an údaráithe ullmhóide arb é atá inti tréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine *Eggerthellaceae* mar bhreiseán beathaithe le haghaidh muc, éanlaith chlóis agus éin ornáideacha agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1016/2013 agus (AE) 2017/930

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1016/2013 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaráíodh ullmhóid arb é atá inti tréithchineál miocroorgánach DSM 11798 den fhine *Coriobacteriaceae* ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh muc agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/930 ón gCoimisiún ⁽³⁾ údaráíodh í le haghaidh gach speicis éanúil ar feadh na tréimhse céanna.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach maidir le hathnuachan údarú na hullmhóide thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine *Eggerthellaceae* (a sainathnóidh go tacsanomaíoch roimhe seo mar shubstaint a bhaineann leis an bhfine *Coriobacteriaceae*) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh muc agus gach speicis éanúil, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sa chatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'substaintí le haghaidh laghdú ar an éilliú beatha ag míceatocsainí'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 20 Márta 2025 ⁽⁴⁾ go bhfuil an ullmhóid thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine *Eggerthellaceae* fós sábháilte do bhainbh, do mhuca lena ramhrú agus do gach speiceas éanúil, do thomhaltóirí agus don chomhshaoil faoi théarmaí formheasta an údaráithe. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir craicinn ná súl í an ullmhóid thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine *Eggerthellaceae* ach gur cheart a mheas go bhféadfadh sí a bheith ina híogróir craicinn agus riospráide, agus go meastar gur riosca é gach nochtadh tríd an gcráiceann nó tríd an gconair riospráide. Luaigh an tÚdarás nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaráithe togra maidir le coinníollacha an údaráithe bunaidh a leasú ná a fhorlónadh, ar togra é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin i gcomhthéacs an athnuachana ar an údarú.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1016/2013 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2013 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti tréithchineál mhicrorgánach DSM 11798 den fhine *Coriobacteriaceae* mar bhreiseán beathaithe le haghaidh muc (IO L 282, 24.10.2013, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1016/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/930 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2017 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti tréithchineál mhicrorgánach DSM 11798 den fhine *Coriobacteriaceae* mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanúil agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1016/2013 (IO L 141, 1.6.2017, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/930/oj).

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2025;23(4):e9360, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9360>.

- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an ullmhóid thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine *Eggerthellaceae* mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaráithe roimhe seo, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine *Eggerthellaceae* na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.
- (7) Mar thoradh ar athnuachan údarú na hullmhóide thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine *Eggerthellaceae* le haghaidh mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1016/2013 agus (AE) 2017/930 a aisghairm.
- (8) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na hullmhóide thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine *Eggerthellaceae* a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaráithe a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaráithe

Maidir le húdarú na hullmhóide a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'substaintí le haghaidh laghdú ar an éilliú beatha ag míceatocsainí', déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1016/2013 agus (AE) 2017/930.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. An ullmhóid thréithchineál miocrorgánach DSM 11798 den fhine *Coriobacteriaceae*, mar a údaraítear le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1016/2013 agus (AE) 2017/930 agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh muc agus gach speicis éanúil, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Deireadh Fómhair 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh muc agus gach speicis éanúil, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Aibreán 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

⁽⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Saotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh muc agus gach speicis éanúil, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Aibreán 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					ADC/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: substaintí le haghaidh laghdú ar an éilliú beatha ag míceatocsainí: trichiticéiní								
1m01	Tréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine <i>Eggerthellaceae</i>	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine <i>Eggerthellaceae</i> ina bhfuil íoschion 5×10^9 ADC/g de bhreiseán. Foirm sholadach. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Cealla inmharthana de thréithchineál baictéarach DSM 11798 den fhine <i>Eggerthellaceae</i> <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Áireamh thréithchineáil baictéarach DSM 11798 den fhine <i>Eggerthellaceae</i> : — Modh an doirte ar phláta agus úsáid á baint as agar VM arna fhorlíonadh le Ocsaráis.	Muca Éanlaith chlóis Éin ornáideacha	—	$1,7 \times 10^8$	—	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 2. Ní úsáidfear an breiseán ach i mbeatha atá i gcomhréir cheana féin leis na rialacha a suíodh le haghaidh míceatocsainí i ndlí an Aontais maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe. 3. Féadfar an breiseán a úsáid go comhuaineach leis na coicideastait seo a leanas, i gcomhréir lena gcoinníollacha féin maidir le húdarú mar bhreiseáin bheathaithe: naraisín/ niocarbaisín, sóidiam salanaimícine, sóidiam moinéinsine, hidreaclóiríd ribeinidín, déchlasairil, naraisín, nó niocarbaisín.	an 5 Aibreán 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					ADC/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: substaintí le haghaidh laghdú ar an éilliú beatha ag míceatocsainí: trichiticéiní								
		Áireamh thréithchineáil baictéarach DSM 11798 den fhine <i>Eggerthellaceae</i> : — Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (LGBR) (CEN/TS 17697).					4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga .								